Údarás na Gaeltachta

strategy@housing.gov.ie

26 Lúnasa 2016

Ciara Hendley, Uasal
Strategic and Business Support Unit
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Bóthar an Bhaile Nua
Loch Garman

A Chiara, a chara,

Is mian liom tagairt a dhéanamh don Ráiteas Straitéise atá á ullmhú ag An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chreatlach gníomhaithe le haghaidh na tréimhse 2016 go 2019. Faoi réir na socruithe atá déanta ina leith, cuirtear faoi bhráid na Roinne leis seo breathnadóireacht Údarás na Gaeltachta atá dírithe ar an gcuid sin de chlár oibre na Roinne a bhaineann le ceisteanna maidir le forbairt pobail, tithíocht agus nithe a bhfuil tionchar acu ar an bpleanáil teanga.

Fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimh an deis a bheith páirteach i bpróiseas maidir le hullmhúchán Ráiteas Straitéise na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá sé léirithe ag Údarás na Gaeltachta le os cionn 35 bliain anuas go bhfuil ról rathúil aige i dtreisiú na forbartha agus i dtacú le forbairt teanga, eacnamaíochta agus sóisialta na gceantar Gaeltachta, ceantair tuaithe an chuid is mó di, ina gcuid iarrachtaí lán-acmhainneacht a bhaint amach. Tá obair na heagraíochta fréamhaithe i saol eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na Gaeltachta. Lena chinntiú go mbeidh Gaeltacht rathúil inbhuanaithe ann níor chóir go mbreathnófaí ar an teanga, an eacnamaíocht, an pobal agus an timpeallacht mar nithe atá scartha óna chéile. Tá cúraimí agus freagrachtaí straitéiseacha uathúil ag Údarás na Gaeltachta don Ghaeltacht agus tá cur chuige comhtháite aige i leith forbairt na Gaeltachta.

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha amach ag Údarás na Gaeltachta don tréimhse suas go dtí deireadh 2017. Clúdaíonn siad clár cuimsitheach comhpháirtíochta teanga chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na teanga i gcomhar le gnólachtaí agus le pobail áitiúla, tionscnaimh nuálaíoch atá dírithe ar an acmhainneacht fostaíochta a luíonn leis an chláir (náisiúnta) fhorbartha fiontar; cur chuige beachtaithe maidir le cúrsaí forbartha pobail agus tograí pobalbhunaithe; foirmle forbartha le freastal ar na ceantair thearcfhorbartha agus ar na hoileáin; clár fuinniúil forbartha ealaíon agus turasóireachta chultúrtha; clár atá dírithe ar an uasmhéid tairbhe is féidir a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha, m sh. an mhuir, beatha, oidhreacht agus cultúir.

Tá roinnt dúshlán i ndán don Ghaeltacht i dtimpeallacht atá ag síor-athrú, dúshláin theangeolaíocha agus eacnamaíocha, mar atá amhlaidh sa chuid eile den tír. Is é an dúshlán teanga don Stát agus don Údarás ná a léiriú gur féidir an creimeadh teanga

sa Ghaeltacht a stopadh agus athghabháil a dhéanamh ar an teanga i líonraí pobail agus tógáil ar na hiarrachtaí seo.

Díreoidh ár gcur chuige comhtháite ar thacaíocht agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht tríd na heagrais sainiúla atá á maoiniú againn don chuspóir sin ar a n-áirítear Ealaín na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo., Muintearas Teo., na heagrais phobalbhunaithe agus na hIonaid Seirbhísí Teanga go príomha. Trí phróiseas pleanála teanga agus trí láidriú agus athbheochan a dhéanamh ar ghréasáin pobail beidh rath ar an teanga agus ar an bpobal. Trí eagraíochtaí agus cliantchomhlachtaí an Údaráis a ghríosadh le pleananna tacaíochta teanga a chur i bhfeidhm táimid muiníneach go dtiocfaidh fás ar líon na bhfiontar teangabhunaithe agus go dtreiseofar an teanga mar phríomhtheanga cumarsáide phobal na Gaeltachta.

Díríonn straitéis fiontraíochta an Údaráis ar mhealladh agus ar fhorbairt comhlachtaí seirbhíse intrádála idirnáisiúnta eolas-bhunaithe agus ar an gcumas fiontraíochta a bhaineann le hearnálacha dúchasacha ina measc, an mhuir, na turasóireachta agus ealaíne, na teanga agus earnálacha eile acmhainn-bhunaithe a spreagadh.

Teastaíonn earnáil láidir, fuinniúil fiontair atá ábalta dul san iomaíocht agus é féin a chur in oiriúint do gheilleagar domhanda atá ag éirí fíor-iomaíoch chun deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chruthú do phobail Ghaeltachta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil straitéis an Údaráis ag díriú níos mó ar ghnóanna eolas-bhunaithe agus seirbhís-bhunaithe agus ar fhorbairt fiontair dhúchasacha atá fréamhaithe in acmhainní nádúrtha, cultúrtha agus timpeallachta na Gaeltachta.

Bainfidh an tÚdarás úsáid as polasaithe an Rialtais le cuidiú linn cláir agus scéimeanna atá iomaíoch, sofhreagrach, éifeachtach agus oiriúnach a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta agus dár gcliaint. Táthar ag súil go gcuirfear ár moltaí san áireamh mar mholtaí cuiditheacha a chabhróidh le pleanáil don todhchaí agus forbairt na Gaeltachta san am atá romhainn.

Is mise, le meas,

Bríd Ní Ghamhnáin

_____

Bríd Ní Ghamhnáin
Rannóg Pleanála agus Polasaí

Údarás na Gaeltachta i gcomhthéacs an Ráitis Straitéise 2016–2019

Chun go n-éireodh le haon straitéis fhorbartha chomhtháite, a bheadh bunaithe ar shainiúlacht teanga na Gaeltachta, tá sé riachtanach go dtabharfadh an An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoir chuiditheach i réimsí áirithe. Dá réir sin, tá léiriú á thabhairt thíos ar na riachtanais agus ar na réimsí forbartha atá á láimhseáil ag Údarás na Gaeltachta i láthair na huaire. Ní mór an aighneacht seo a mheas i gcomhthéacs chlár straitéiseach na Roinne.

Cur chun cinn agus Caomhnú na Gaeilge

Is é príomhdhúshlán an Údaráis ná caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh. Is léir ón bhfianaise ar an bhfód go bhfuil an Ghaeilge ag staid chriticiúil, leochaileach faoi láthair. Tá oiread áirithe gur féidir leis an Údarás a dhéanamh as a chonlán féin chun í a threisiú ach tá géarghá le plean cuimsitheach Rialtais i leith na teanga a éileoidh páirtíocht ghníomhach an státchórais trí chéile chun tógáil ar an dúshraith teanga atá ann agus ábhar misnigh a thabhairt do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht. Aithníonn an tÚdarás gur ghné thábhachtach dá ról féin an próiseas misnithe sin agus é ag plé le pobal na Gaeltachta.

Is í an Ghaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh an bhunslat tomhais maidir le folláine na teanga sa Ghaeltacht. Uime sin is ar neartú na dúshraithe sa dá réimse sin a chaithfear fócas gach tionscnamh agus tionscadal caomhnaithe teanga a dhíriú. Cé go bhfuil an Ghaeilge ag staid leochaileach mar theanga phobail sa Ghaeltacht tá dúshraith théagartha teanga fós ann ar féidir tógáil uirthi. Tá gá le cur chuige comhtháite bunaithe ar dhea-chleachtais phleanála teanga agus ar chomhpháirtíocht ghníomhach leis na pobail áitiúla, leis na gníomhaireachtaí agus leis na hacmhainní cuí Stáit chun an tógáil agus an treisiú a chur i gcrích.

Fiontar agus Fostaíochta

Leanfaidh straitéis fiontraíochta an Údaráis ag díriú ar mhealladh agus ar fhorbairt chomhlachtaí seirbhíse intrádála idirnáisiúnta eolas-bhunaithe agus ar theacht i dtír ar an gcumas fiontraíochta in earnálacha cuí. Leagfaidh ár straitéis fiontraíochta béim freisin ar spreagadh leibhéil níos airde fiontraíochta agus ar bhunú agus fás comhlachtaí dúchasacha nuálaíocha ard-chumais.

Mar gheall ar éagsúlacht na gceantar Gaeltachta ó thaobh daonra, gnéithe aiceanta, bonneagar agus staid na teanga aithnítear go bhfuil gá le cur chuige comhtháite forbartha a thógann na cúinsí áitiúla, idir láidreachtaí agus laigí, san áireamh. Beidh an cur chuige ginearálta seo a leanas ag baint leis an gclár forbartha fiontar agus fostaíochta a bheidh bunaithe ar mheascán d'infheistíocht dhúchasach agus sheachtrach.

De bharr na timpeallachta reatha eacnamaíche, beidh na scileanna agus an saintaithí ar fad atá againn mar eagraíocht forbartha ag teastáil agus tá muid muiníneach go gcuirfidh an tÚdarás na sásanna cuí ar fáil don Ghaeltacht trínár straitéis le dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn.

Forbairt Gaeltachta agus Oileáin agus Forbairt Áitiúil

Is dúshlán forbartha ann féin é leagan amach tíreolaíoch na Gaeltachta. Tá 26 cinn de cheantair aitheanta ann chomh maith le pócaí beaga scaipthe ina bhfuil éagsúlachtaí daonra, teanga, bonneagair, forbartha, acmhainní nádúrtha, bunseirbhísí agus taitneamhachtaí.

Tá forbairt pobail ag croílár obair an Údaráis ní hamháin mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht phobail d'fholláine an phobail ach lena chois sin mar gheall ar an ról tioncharach criticiúil atá ag pobal na Gaeltachta ar thodhchaí na Gaeilge mar theanga phobail.

I bhfianaise tábhacht na hearnála seo do thodhchaí na Gaeltachta, agus go háirithe an ról tábhachtach reatha agus féideartha atá ag comharchumainn phobail agus comhlachtaí pobalbhunaithe ina gceantair fheidhme ó thaobh na teanga agus na forbartha áitiúla de, aithnítear go bhfuil sé fíor-thábhachtach iad a threisiú trí oiliúint bhainistíochta, airgeadais agus phleanála chomh maith le tacaíocht láidir mhaoinithe.

Féachfar le scátheagrais fhorbartha pobail a chothú agus a fhás mar ghné lárnach den phróiseas forbartha sna ceantair thearcfhorbartha agus ar na hoileáin.

Moltaí don Chlár Straitéise

Tá os cionn 100,000 duine ina gcónaí sa Ghaeltacht, an chuid is mó díobh i gceantair tuaithe. Tá sé tábhachtach don Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil leanúint ar aghaidh le cur chuige a bheidh dírithe ar phobail a chónaíonn i gceantair tuaithe. An dúshlán atá ann ná polasaithe a chruthú agus a stiúradh a thugann aghaidh ar athrú i bpobail tuaithe, tacaíocht a thabhairt dá bhforbairt agus an Ghaeilge a chur chun cinn.

Chun daonra na Gaeltachta agus an Ghaeilge a bhuanú agus tionscail seirbhís-bhunaithe nua-aimseartha a mhealladh chuig an nGaeltacht, caithfear aghaidh a thabhairt ar easnaimh chriticiúla struchtúir. Tá ról ag Údarás na Gaeltachta i bhfostaíocht inmharthana a chruthú sa Ghaeltacht, go háirithe i gcomhthéacs na Gaeilge atá ina hacmhainn ollmhór chun fostaíocht ar ard chaighdeán a chruthú.

Molann an tÚdarás gur chóir don Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil díriú ar;

1. Céimeanna éagsúla a glacadh chun feabhas a chur ar stádas eacnamaíoch, sóisialta agus fisiceach sa Gaeltacht agus ar na hoileáin m.sh stocaireacht láidir idir-rannach a dhéanamh le go ndéanfar cibé socrú is gá ag leibhéal Rialtais chun córas ardluais leathanbhanda a sholáthar don Ghaeltacht agus do na hoileáin.

2. Infheistíocht a dhéanamh sa bhunstruchtúr riachtanach chun a chur ar chumas gnónna feidhmiú go héifeachtach i gceantair Ghaeltachta m.sh i bhfoirgnimh, seirbhísí (m.sh. bóithre, séarachas ar eastáit) agus in leathanbhanda.

3. Feabhas a chur ar bhonneagar rochtana na n-oileán trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt céanna, seirbhísí aeir, calafoirt agus oibreacha chun an cósta a chosaint.

4. Beidh Údarás na Gaeltachta ag leanúint ar aghaidh lena chuid gníomhaíochtaí sna réimsí forbartha áitiúla agus tuaithe ar fud na ceantracha Gaeltachta chun pobail teangabhunaithe tuaithe a bhuanú agus a choinneáil ar bhonn inmharthana.

Ní mór don Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a chinntiú tríd an bpróiseas seo go dtugann an Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre nua aitheantas, tacaíocht, agus cuidiú don fhéiniúlacht shóisialta, chultúrtha agus teanga atá ag an nGaeltacht.